2024/2555

27.9.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/2555 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Márta 2024

lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le heicseabrómaiciogladóideacán

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/1021, cuirtear chun feidhme gealltanais an Aontais faoi Choinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha ([2]) ('an Coinbhinsiún') agus faoin bPrótacal a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha ([3]).

(2) De bhun Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2019/1021, tá toirmeasc, faoi réir Airteagal 4 den Rialachán sin, ar shubstaintí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid, bídís leo féin, i meascáin nó ina n-earraí.

(3) Liostaítear heicseabrómaiciogladóideacán (HBCDD) in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 agus tá teorainnluach Rian-Éilleán Neamhbheartaithe 100 mg/kg (0,01 % de réir meáchain) air i gcás ina bhfuil sé i substaintí, meascáin, earraí nó ina chomhábhar de na hearraí lasairmhoillitheacha. Tá an teorainnluach Rian-Éilleán Neamhbheartaithe faoi réir athbhreithniú ón gCoimisiún.

(4) Cuireadh deireadh de réir a chéile den chuid is mó le heicseabrómaiciogladóideacán a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid san Aontas. De thairbhe gníomhaíochtaí athchúrsála atá ann faoi láthair agus iad a rinneadh roimhe seo, bíonn HBCDD le fáil i bplaistigh athchúrsáilte agus i dtáirgí a dhéantar astú. Is ábhar imní é gur ann do lasairmhoillithigh bhróimínithe shrianta go neamh-inmhianaithe in earraí amhail bréagáin leanaí, earraí teagmhála bia agus pacáistíocht pholaistiréine de thairbhe feidhmeanna nua ábhar polaiméireach athchúrsáilte, a bhí lasairmhoillitheach ina fhoirm bhunaidh.

(5) I bhfianaise go bhfuil HBCDD ann i sruthanna dramhaíola éagsúla agus go bhfuil sé ábhartha maidir le gníomhaíochtaí athchúrsála ós rud é gur sainaithníodh an tsubstaint mar thruailleán orgánach marthanach, ba cheart tiúchan na substainte tocsainí sin i dtáirgí a bheith chomh híseal agus is féidir chun an nochtadh a íoslaghdú agus, ar an gcaoi sin, sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint.

(6) Cé go bhfuil athchúrsáil EPS teoranta faoi láthair, tá coinne leis go méadófar go mór ar mhéid an inslithe polaistiréine borrtha de thoradh scartála a athchúrsáiltear sna blianta amach romhainn.

(7) Tá teicneolaíochtaí nuálacha á bhforbairt, lena n-áirítear próisis athchúrsála atá bunaithe ar thuaslagóirí, le haghaidh athchúrsáil inmharthana atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. Is rud measartha nua a bhfuil gealladh faoi an teicneolaíocht athchúrsála atá bunaithe ar thuaslagóirí atá in úsáid faoi láthair chun dramhaíl tógála agus scartála a athchúrsáil ina millíní polaistiréine, millíní is féidir iad a úsáid le haghaidh earraí nua XPS nó EPS, agus ginfear sonraí agus faisnéis bhreise trí chur chun feidhme agus uas-scálú na teicneolaíochta sin a thuilleadh, rud a fhágfaidh gur féidir tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar an bpróiseas agus a chuirfidh bonn fianaise níos daingne ar fáil le haghaidh cinnteoireachta.

(8) Leis na teorainneacha cainníochtaithe atá ann faoi láthair maidir le modhanna anailíseacha a úsáidtear chun tiúchain HBCDD i substaintí, meascáin nó earraí a chinneadh, ní féidir tomhas iontaofa a dhéanamh ar theorainnluach Rian-Éilleán Neamhbheartaithe atá i bhfad níos ísle ná an teorainnluach atá i bhfeidhm faoi láthair, rud a chruthaíonn dúshláin d'údaráis forfheidhmithe.

([1]) IO L 169, 25.6.2019, lch. 45, ELI http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1021/oj.
([2]) IO L 209, 31.7.2006, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/2006/507/oj.
([3]) IO L 81, 19.3.2004, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/prot/2004/259/oj.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1021 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

I gCuid A d'Iarscríbhinn I, an tábla, an iontráil 'Heicseabrómaiciogladóideacán Ciallaíonn 'heicseabrómaiciogladóideacán': heicseabrómaiciogladóideacán, 1,2,5,6,9,10- heicseabrómaiciogladóideacán agus a dhiaisteiré-isiméirí príomha: alfa-heicseabrómaiciogladóideacán; béite-heicseabrómaiciogladóideacán; gáma-heicseabrómaiciogladóideacán', an ceathrú colún ('Díolúine shonrach maidir le húsáid idirmheánach nó sonraíocht eile'), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

'1. Chun críocha na hiontrála seo, beidh feidhm ag Airteagal 4(1), pointe (b), maidir le heicseabrómaiciogladóideacán de thiúchan atá cothrom le 75 mg/kg (0,0075 % de réir meáchain) nó faoina bhun i gcás ina bhfuil sé i substaintí, meascáin, earraí nó ina chomhábhar de na hearraí lasairmhoillitheacha. Maidir le polaistiréin athchúrsáilte a úsáid chun ábhar inslithe EPS agus XPS a tháirgeadh lena úsáid i bhfoirgnimh nó in oibreacha innealtóireachta sibhialta, beidh feidhm ag pointe (b) maidir le heicseabrómaiciogladóideacán de thiúchan atá cothrom le 100 mg/kg (0,01 % de réir meáchain) nó faoina bhun. Déanfaidh an Coimisiún na díolúintí a leagtar síos i bpointe (1) seo a athbhreithniú agus a mheasúnú faoin 1 Eanáir 2026.'